# Gaelchearta

**Ag cruinniú a reachtáileadh sa Chultúrlann Meán Fómhair 8, leag grúpaí Gaeilge amach a gcuid éileamh i dtaca le cearta teanga.**

**Glacadh d'aon guth leis an héilimh seo a leanas:**

**AILT BHUNREACHTÚLA**

- Éilímid tacaíocht iomlán an stáit don teanga Ghaeilge.
- Éilímid go n-aithnítear an Ghaeilge mar phríomhtheanga dhlisteanach ár ndúiche agus mar theanga dhúchais na nGael.
- Éilímid go n-aithnítear agus go n-úsáidtear í mar theanga oibre de chuid an stáit.
- Éilímid go gcinntítear go mbíonn cothrom na Féinne ag pobal na Gaeilge i ngach Alt Parlaiminte, idir sheanbhunaithe agus nua.
- Éilímid go ritear Acht úr don teanga Ghaeilge agus go dtugtar lánstádas di mar theanga phobail ar comhchéim leis an Bhéarla.
- Éilímid an ceart chun pobail dhlútha lán-Ghaeilge a chothú agus a fhorbairt.

**OIDEACHAS**

- Go dtugtar tacaíocht iomlán stáit do gach Gaelscoil láithreach .i. na naíscoileanna, na bunscoileanna agus na meánscoileanna uile.
- Go mbunaítear agus go maoinítear go hiomlán institiúidí tríú leibhéal lán-Ghaeilge go luath le freastal ar aos óg ár bpobail. Ina measc siúd, áirítear Ollscoil lán-Ghaeilge, Coláiste Oiliúna, Ceardscoil agus Gnóscoil.
- Go maoinítear eagraíocht ar nós **Gaeloiliúint** chun iarrachtaí na scoileanna a chomhordú, chun taighde oideachasúil a dhéanamh, chun an t-oideachas lán-Ghaeilge a fhorbairt i ngach Bord Oideachais agus Leabharlann agus chun imeachtaí tráthnóna, deireadh seachtaine agus saoire a reáchtáil don aos óg s'againn.
- Go maoinítear go hiomlán Áisionad neamhspleách a chuirfidh téacsleabhair, seirbhísí foilseacháin agus áiseanna iomadúla teagaisc ar fáil don Ghaelscolaíocht.

**AN STÁTSEIRBHÍS**

- Go raibh ionadaithe oilte i ngach Rannóg Stáit a bheadh in inmhe gnó iomlán a dhéanamh linn i nGaeilge nó go mbunófaí Rannóg (Ghaeilge) a dhéanfadh freastal ar phobal na Gaeilge go leanúnach (.i. gan gá againn teagmháil dhíreach a dhéanamh leis na Rannóga eile). Go mbeadh leagan Gaeilge ar fáil de gach doiciméad dlíthiúil a bhaineann go dlúth leis an phobal, leithéidí: teastas beireatais, teastas pósta, teastas báis, ceadúnas tiomána, pas srl.
- Go mbeadh seirbhísí sláinte agus leasa shóisialaigh ar fáil i nGaeilge.
- Go mbeadh an ceart againn gnó iomlán a dhéanamh i nGaeilge leis an Chóras Dlí agus Cirt.
- Go gcuirfí fógraí poiblí, sráidainmneacha, comharthaí bóthair srl. suas i nGaeilge, fosta.

*Gaelchearta, An Chultúrlann, 216 Bóthar na bhFál, Béal Feirste.*

# Gaelchearta

• Go mbeadh airí stáit in inmhe plé linn as Gaeilge go hiomlán nó go gcuirfí ateangaire oilte ar fáil dúinn.

**Na Meáin Chumarsáide**

• Go mbunófaí agus go maoineofaí go hiomlán stáisiúin neamhspleácha raidió agus theilifíse lán-Ghaeilge.

• Go dtugtar maoiniú iomlán stáit do na foilseacháin Ghaeilge.

• Go gcaitear go cothrom linn sna meáin chumarsáide Béarla .i. go soláthraítear ateangairí agus córas comhuaineach aistriúcháin, go ndéantar fo-theidil Bhéarla a eagrú don teilifís, go nglactar lenár ráitis i nGaeilge agus go dtaispeántar mar sin iad ar an teilifís (le haistriúchán Béarla, más gá).

**Na hEalaíona**

• Go n-aithnítear gurb í an Ghaeilge an ghné is sainiúla agus is tábhachtaí dár n-oidhreacht chultúrtha agus go gcaitear léi dá réir.

• Go mbítear dáiríre agus réadúil nuair atáthar ag trácht ar Chomhthuiscint Phobail agus go dtugtar a áit chuí don phobal Gaelach anseo.

• Go gcuirtear maoiniú iomlán stáit ar fáil do na healaíona Gaeilge, idir dhrámaíocht, litríocht, cheol, spórt, phéintéireacht, dhealbhóireacht agus damhsa.

*Gaelchearta, An Chultúrlann, 216 Bóthar na bhFál, Béal Feirste.*